



Ollscoil na hÉireann
National University of Ireland

Post mar CHÚNTÓIR FEIDHMIÚCHÁIN ar théarma seasta: Seirbhísí Bronnta agus Céimithe OÉ

Ollscoil chónaidhmeach is ea Ollscoil na hÉireann le ceithre chomh-ollscoil agus roinnt institiúidí ardoideachais eile a bhfuil stádas Choláistí Aitheanta acu. I gcroílár na hollscoile cónaidhmí, feidhmíonn OÉ mar fhóram do na ballinstitiúidí, cuireann sí seirbhísí acadúla ar fáil dóibh, agus bainistíonn sí cláir lárnacha agus cartlanna na hollscoile. Déanann OÉ raon leathan de ghníomhaíochtaí freisin d'fhonn gradam acadúil, an scoláireacht agus an taighde a chothú agus féachann sí le cur le dul chun cinn oideachais, cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta in Éirinn.

Féachann OÉ le post fholamh mar Chúntóir Feidhmiúcháin a líonadh ar chonradh téarma seasta **24** mí.

An ról

Post gnóthach agus éagsúil is ea é seo i réimse Seirbhísí Bronnta agus Céimithe OÉ. Beidh an t-iarrthóir rathúil ag tuairisciú do Bhainisteoir na Seirbhísí Bronnta agus Céimithe agus iarrfar orthu tacaíocht riaracháin agus oibriúcháin a sholáthar don bhainisteoir agus do bhaill eile na foirne. Beidh ag sealbhóir poist ag gabháil do phróiseáil d'fhoirmeacha iarratais, iontráil sonraí, bunachair sonraí a nuashonrú, caidreamh le céimithe agus le comhghleacaithe i gcomhollscoileanna agus a gcoláistí OÉ, le gníomhaireachtaí earcaíochta seachtracha agus le gníomhaíochtaí oibriúcháin eile a bhaineann le Seirbhísí Bronnta agus Céimithe.

Aonad Seirbhísí Bronnta agus Céimithe OÉ

Tá OÉ freagrach as na páir Céime agus Diplóma agus Teastais uile a eisiúint do na ballinstitiúidí uile sa chónaidhm OÉ agus do na hinstiúidí a bhaineann leo. Baintear

úsáid as na cáipéisí seo ag searmanais Bronnta sna hollscoileanna agus coláistí. Táirgeann OÉ breis as 40,000 cáipéis in aghaidh na bliana.

I ndiaidh an bhronnta, tá foireann na Seirbhísí Bronnta agus Céimithe freagrach freisin as seirbhísí riachtanacha a sholáthar do chéimithe na n-institiúidí seo. Is féidir le céimithe iarratais a dhéanamh ar chóipeanna de pháir céime/diplóma nó teastais. Is féidir leo freisin iarratais a dhéanamh ar leaganacha Béarla de pháir céime agus diplóma Laidine. Cuireann an fhoireann cúnamh ar fáil freisin do thríú páirtithe, fostóirí agus gníomhaireachtaí earcaíochta coimhthíocha, mar shampla, i dtaca le fíorú ar cháilíochtaí céimithe.

Tá aonad na Seirbhísí Bronnta agus Céimithe ag tosú ar thréimhse athraithe agus forbartha i bpríomhréimsí oibríúcháin, ag teacht le riachtanais ghnó atá ag athrú.

Cáilíochtaí/scileanna atá de dhíth

Éilíonn an post dearcadh gairmiúil i dtaca leis an obair, scileanna idirphearsanta den scoth, solúbthachta agus an cumas le hobair mar bhall foirne agus as a stuaim féin. Féachann OÉ leis an gcáilíocht is airde a bhaint amach ina ngníomhaíochtaí uile, sna seirbhísí a chuireann sé ar fáil do bhallinstitiúidí agus ina n-idirghníomhaíochtaí uile leis an bpobal i gcoitinne. Tá ról tábhachtach ag Cúntóirí Feidhmiúcháin chun an sprioc seo a bhaint amach.

Tá cáilíocht tríú leibhéal inmhianaithe, ach déanfar iarrthóirí leis an Ardteistiméireacht nó a choibhéis de cháilíocht móide taithí oibre chruthaithe agus ábhartha a mheas. Bheadh taithí ag obair i dtimpeallacht ardoideachais ina bhuntáiste.

Léireoidh an t-iarrthóir rathúil:

- Trí bliana ar a laghad de thaithí riaracháin i dtimpeallacht oifige ghnóthach ag plé leis an bpobal.
- Scileanna cumarsáide dea-fhorbartha scríofa agus ó bhéal
- Mothúchán géar cruinnis agus pointeáilteachta
- An cumas le hobair a dhéanamh faoi bhrú chun sprioc-amanna a shroicheadh
- Scileanna eagraíochta agus riaracháin den scoth
- Scileanna TF dea-fhorbartha

- Inoiriúnaitheacht agus solúbthacht i dtaca le timpeallacht ghnó atá ag athrú

Áireoidh príomhfhreagrachtaí an Chúntóra Feidhmiúcháin:

- Próiseáil ó thus deireadh ar iarratais a fhaightear ó chéimithe a bhfuil cóipeanna nó leaganacha Béarla de cháipéisí acadúla de dhíth orthu, amhail páir céime nó dioplóma agus/nó cóipeanna de theastais Bhéarla
- Úsáid a bhaint as córais TF shaincheaptha OÉ chun cáipéisí atá de dhíth a tháirgeadh agus caidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe foirne chun a dhéanamh deimhin de go bhfaightear íocaíochtaí airgeadais
- Uas lódáil ar shonraí mac léinn a fhaightear ó bhallinstitiúidí OÉ roimh searmanais Bronnta
- Coimeád taifead mionchúiseach
- Déileáil leis an bpobal go pearsanta agus ar an fón ar bhealach gairmiúil, éifeachtach agus ómósach
- Tacú le comhghleacaithe sinsearacha, mar a threoraítear, ar thascanna Bronnta OÉ i gcoitinne, amhail an cháipéisíocht uile a ullmhú do shearmanais bronnta ollscoile
- Dualgais ar bith eile mar a ordóidh an Bainisteoir nó duine a ainmneoidh sé/sí.

Tuilleadh eolais

Eagraíonn an Ollscoil roinnt bheag imeachtaí gach bliain ar an láthair agus as an láthair a d'fhéadfadh a bheith ar siúl lasmuigh d'uaireanta oifige. B'fhéidir go n-iarrfar ar an gCúntóir Feidhmiúcháin páirt a ghlacadh sna himeachtaí seo nó tacú leo ar bhealaí eile ó am go am.

Ina theannta sin, eagraíonn an Ollscoil toghcháin ó am go ham agus b'fhéidir go n-iarrfar ar an gCúntóir Feidhmiúcháin tacaíocht a sholáthar ag na hamanna sin freisin.

Téarmaí agus coinníollacha

Tuarastal

- Beidh an pá tosaigh do dhaoine a earcófar chuig an ollscoil ar an scála a bhaineann le post sealadach an Chúntóra Feidhmiúcháin (UCD Tag 7911) mar seo a leanas:

* €24,946; €26,267; €27,213; €28,657; €30,145; €31,347; €32,641; €33,658; €34,972; €36,308; €37,603; €38,688; €39,798.

* Cuirfear ceapaí gan aon taithí roimhe seo san earnáil phoiblí ar an gcéad phointe den scála tuarastail thuas.

- Féadfaidh pá agus coinníollacha pinsin éagsúla a bheith i bhfeidhm más rud é, laistigh de 26 seachtaine roimh an gceapachán, go bhfuil an ceapaí ag freastal áit éigin eile san earnáil phoiblí i bpost a bhfuil sé nó sí ag íoc na ranníocaíochta ÁSPC ag ráta Rang A, B, C nó D ina leith.
- Féadfar rátaí pá a leasú ó am go ham ag teacht le Polasaí an Rialtais.

Scéim Pinsean

- I gcoitinne, agus seachas iarrthóirí a d'oibrigh i bpost seirbhíse poiblí inphinsin (téarmaí nach mbaineann le scéim aonair) sna 26 seachtaine roimh an gceapachán, beidh na hiontrálaithe nua uile ar fhostaíocht inphinsin san Ollscoil an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, a bhfuil sonraí ina leith ar fáil ag: <https://singlepensionscheme.gov.ie/formembers/>
- Tá ballraíocht i Scéim Pinsean na hOllscoile éigeantach.

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC)

- Tá an ceapachán seo faoi réir ag "Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise" (ASC) a bhaineann le pinsean a asbhaint i gcomhréir le hAlt 4 den Acht um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2017.

Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER)

- Tá sé mar choinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais nach féidir le daoine atá ar scor, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní féidir le daoine dá leithéid atá ar scor, iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

Dearbhú

- Beidh ar iarrthóirí a dhearbhú cé acu ar bhain siad leas as scéim luathscoir dhreasaithe na seirbhíse poiblí roimhe seo. Beidh ar iarrthóirí freisin aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (á híoc nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht eile de chuid na Seirbhíse Poiblí a dhearbhú agus/nó má fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht ar bith sa tSeirbhís Phoiblí, agus sa chás sin is féidir forálacha laghdaithe pinsin na hearnála poiblí a bheith i bhfeidhm.

Uaireanta fostaíochta

- Is iad na huaireanta oibre 37 uair an chloig in aghaidh an seachtaine, nach n-áiríonn sosanna lóin agus am a chaitear ag taisteal chuig an Ollscoil agus ón Ollscoil.

Laethanta Saoire

- 23 lá saoire in aghaidh na bliana.

Promhadh

- Beidh tréimhse phromhaidh trí mhí ann ina mbeidh athbhreithniú leanúnach ar fheidhmíocht. Féadfar an tréimhse phromhaidh a shíneadh ar lántoil na hOllscoile.

Rúndacht

- Le linn na tréimhse conartha, coinneoidh an t-iarrthóir rathúil faoi rún agus faoi chosaint iomlán gach eolas rúnda a chuirfear faoina gcúram maidir leis an Ollscoil, nó a thiocfaidh ina seilbh de dheasca a bpoist leis an Ollscoil agus a páirtithe leasmhara éagsúla.

Nós Imeachta Iarratais

- Ba chóir go n-áireodh iarratais na nithe seo a leanas:
 - i. Foirm Iarratais Chomhlánaithe (Iniata)

- ii. Curriculum Vitae (ba chóir sonraí teagmhála do bheirt mholtóirí ó fhostaíochtaí roimhe seo a bheith san áireamh sa cháipéis seo).
 - iii. Litir chumhdaigh (faoi bhráid Patricia Maguire, Uas., Ceann Seirbhísí Acadúla agus Clárlainne)
- Is féidir iarratais a chur isteach i gceachtar de dhá fhoirmáid mar seo a leanas:
 - i. Cóip chrua: Patricia Maguire, Uas., Ceann Seirbhísí Acadúla agus Clárlainne, Ollscoil na hÉireann, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, D02 V583
 - ii. R-phost: personnel@nui.ie (ceanteideal ábhair: EA Conferrings position)
 - Gheobhaidh na hiarrthóirí go léir admháil ar a n-iarratas nuair a bheidh an spriocdháta thart. Más rud é nach bhfaigheann tú admháil ar d'iarratas, nó má tá fiosruithe ar bith eile agat maidir leis an bpróiseas iarratais, déan teagmháil le r-phost: personnel@nui.ie nó ar an teileafón: 01-4392424 (is féidir fiosruithe a chur chuig Patricia Maguire, Uas., ar maidineacha amháin).

Is é an dáta deiridh chun iarratais a fháil 5pm **Dé Luain 17 Feabhra 2020**.

Nós Imeachta Measúnaithe

- Painéal Roghnúcháin: Beidh na hiarratais á mheas ag Painéal Roghnúcháin, a dhéanfaidh gearrliostú agus a chuirfidh agallaimh ar iarrthóirí.
- Dáta Agallaimh: Aontóidh an painéal gearrliostúcháin dáta agallaimh do Mhárta 2020 agus cuirfeadh é seo in iúl do na hiarrthóirí go léir ar an ngearrliosta. Tabharfar fógra seachtaine ar a laghad do na hiarrthóirí ar an ngearrliosta. Tionólfar na hagallaimh in oifigí OÉ, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2 D02 V583.
- Tabharfar fógra do na hiarrthóirí go léir maidir le toradh a n-iarratas in am trátha.

Fostóir comhionannais is ea Ollscoil na hÉireann.